Prótacal COVID-19 um Oibriú go Sábháilte

Ról an Phríomh-Ionadaí Oibrithe

01-Noll-2020 - A3

Éilítear in 'Prótacal COVID-19 um Oibriú go Sábháilte' an Rialtais ar gach ionad oibre Príomh-Ionadaí Oibrithe amháin ar a laghad a cheapadh chun oibriú leis an bhfostóir chun leathadh COVID-19 san ionad oibre a chosc. Tá sé d'aidhm leis an bpóstaer seo cabhrú leat ról an Phríomh-Ionadaí Oibrithe a thuiscint.

Céard é ról an Phríomh-Ionadaí Oibrithe?

- Cabhrú le bearta rialaithe COVID-19 a chur i bhfeidhm.
- Cumarsáid rialta a dhéanamh le d'fhostóir, agus cabhrú le comhairle sláinte COVID-19 a chur in iúl do do chomhghleacaithe.
- Tabhairt faoi sheiceálacha rialta chun a chinntiú go bhfuil bearta rialaithe COVID-19 i bhfeidhm.
- Taifead a choinneáil ar neamh-chomhlíonadh rialuithe COVID-19 san ionad oibre.
- Aon fhadhbanna nó neamh-chomhlíonadh a thuairisciú do d'fhostóir/bhainisteoir.
- Éisteacht le hábhar imní do chomhghleacaithe agus an imní sin a tharraingt anuas le d'fhostóir.
- Cabhrú le do chomhghleacaithe a choinneáil ar an eolas faoin gcomhairle is deireanaí ón Rialtas faoi COVID-19.
- Cabhrú mar chuid d'fhoireann freagartha chun duine ar a bhfuil siomptóim COVID-19 san ionad oibre a bhainistiú.

Céard a dhéanfaidh m'fhostóir?

Déanfaidh d'fhostóir:

- an t-eolas a theastaíonn chun an ról a chomhlíonadh a thabhairt duit.
- an oiliúint ábhartha a chur ort.
- ionduchtú COVID-19 a chur ar fáil duit.
- dul i gcomhairle leat agus na bearta rialaithe sin á gcur i bhfeidhm chun thú féin agus na hoibrithe eile a choinneáil sábháilte.
- thú a chur ar an eolas faoi na bearta rialaithe atá i bhfeidhm.
- insint duit faoi aon tionchar nó athrú ar na pleananna éigeandála nó garchabhrach.
- córas a aontú leat chun aghaidh a thabhairt ar ábhar imní agus cumarsáid rialta a dhéanamh leat.

Cén chaoi a réiteoidh mé don ról?

- Eolas a chur ar an bPrótacal um Oibriú go Sábháilte agus na moltaí sláinte poiblí.
- An fhoirm COVID-19 um fhilleadh ar an obair a chomhlánú agus a thabhairt do d'fhostóir.
- Ionduchtú COVID-19 a chuireann d'fhostóir ar fáil a dhéanamh.
- Coinneáil ar an eolas faoin gcomhairle is deireanaí ón Rialtas faoi COVID-19.
- Comharthaí agus siomptóim COVID-19 a fhoghlaim.
- Tuiscint a fháil ar an gcaoi le leathadh an víris a chosc.
- Na riachtanais glantacháin chun leathadh an víris a chosc a fhoghlaim.

Cá bhfaighidh mé níos mó eolais faoi COVID-19 a chosc san ionad oibre?

Tá an nuacht is deireanaí ar fáil gach lá ar:
www.gov.ie/health-covid-19 www.hse.ie www.hsa.ie/COVID19

Acmhainní COVID-19 Aistrithe Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
https://tinyurl.com/HSE-Translated-COVID19

Teimpléid agus seicliostaí um Oibriú go Sábháilte:
https://tinyurl.com/plan-checklists-and-posters

Bileoga Eolais agus Acmhainní COVID-19 Aistrithe HPSC:
https://tinyurl.com/HPSC-Translated

An Prótacal um Oibriú go Sábháilte:
https://tinyurl.com/WSP-20-Nov

Cúrsa Oiliúna Ar Líne do Phríomh-Ionadaithe Oibrithe:
https://www.hsa.ie/LWR/#/

Téigh i dteagmháil le HSA ar:

Íosghlao HSA: 1890 289 389

HEALTH AND SAFETY AUTHORITY